2026/2327

22.10.2026

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2327 ÓN gCOIMISIÚN

## an 21 Deireadh Fómhair 2026

## lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí torthaí citris áirithe, iad ullmhaithe nó leasaithe, (mar atá mandairíní, etc.) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne de bhun athbhreithniú éaga faoi Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

### 1. NÓS IMEACHTA

#### 1.1. Imscrúduithe a rinneadh roimhe seo agus na bearta atá i bhfeidhm

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1355/2008 ([2]), d'fhorchuir an Chomhairle dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí torthaí citris áirithe, iad ullmhaithe nó leasaithe, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('na bearta bunaidh'). An t-imscrúdú ar forchuireadh na bearta bunaidh mar thoradh air, tabharfar 'an t-imscrúdú bunaidh' anseo feasta air.

(2) Bhí na bearta i bhfoirm dleacht shonrach in aghaidh na cuideachta idir EUR 361,4/tona agus EUR 531,2/glanmheáchan an táirge i dtonaí.

(3) Chuir Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh na bearta sin ar neamhní an 22 Márta 2012 ([3]) ach rinneadh iad a ath-fhorchur an 18 Feabhra 2013 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 158/2013 ón gComhairle ([4]).

(4) Coinníodh na bearta ar bun le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1313/2014 ón gCoimisiún ([5]) agus le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1534 ón gCoimisiún ([6]) tar éis athbhreithnithe éaga de bhun Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1355/2008 ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí torthaí citris áirithe, iad ullmhaithe nó leasaithe, (mar atá mandairíní, etc.) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 350, 30.12.2008, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1355/oj).

([3]) Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 22 Márta 2012 (GLS), C-338/10, ECLI:EU:C:2012:158.

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 158/2013 ón gComhairle an 18 Feabhra 2013 lena n-ath-fhorchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí torthaí citris áirithe, iad ullmhaithe nó leasaithe, (mar atá mandairíní, etc.) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 49, 22.2.2013, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/158/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1313/2014 ón gCoimisiún an 10 Nollaig 2014 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí torthaí citris áirithe, iad ullmhaithe nó leasaithe, (mar atá mandairíní, etc.) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle (IO L 354, 11.12.2014, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2014/1313/oj).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1534 ón gCoimisiún an 21 Deireadh Fómhair 2020 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí torthaí citris áirithe, iad ullmhaithe nó leasaithe, (mar atá mandairíní, etc.) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 351, 22.10.2020, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1534/oj).

### 1.2. **Iarraidh ar athbhreithniú éaga**

(5) Tar éis foilsiú fógra maidir le dul in éag atá le tarlú ([7]), fuair an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') iarraidh ar athbhreithniú de bhun Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán.

(6) Is é Federación Nacional de Asociaciones de Transformados Vegetales y Alimentos Procesados ('Fenaval' nó 'an t-iarratasóir') a chuir an iarraidh ar athbhreithniú isteach an 21 Iúil 2025 thar ceann táirgeoirí a bhfuil 100 % de tháirgeacht iomlán an Aontais acu de thorthaí citris áirithe, iad ullmhaithe nó leasaithe, (mar atá mandairíní, etc.) de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Bhí an iarraidh ar athbhreithniú bunaithe ar an bhforas gur dócha go leanfaí den dumpáil agus go leanfaí den díobháil do thionscal an Aontais nó go ndéanfaí an athuair í mar thoradh ar dhul in éag na mbeart.

### 1.3. **Athbhreithniú éaga a thionscnamh**

(7) Arna chinneadh don Choimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán, gur leor an fhianaise a bhí ann chun athbhreithniú éaga a thionscnamh, thionscain sé athbhreithniú éaga an 21 Deireadh Fómhair 2025 maidir le hallmhairí torthaí citris áirithe, iad ullmhaithe nó leasaithe, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín' nó 'an tír lena mbaineann') isteach san Aontas ar bhonn Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh agus a cheartúchán ([8]) in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ('an fógra tionscnaimh').

### 1.4. **Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(8) An t-imscrúdú chun a fháil amach an leanfar den dumpáil nó an ndéanfar an athuair í, chumhdaigh sé an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2024 go dtí an 30 Meán Fómhair 2025 ('tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe'). An t-imscrúdú ar na treochtaí atá ábhartha chun a mheas an dócha go leanfar den díobháil nó go ndéanfar an athuair í, chumhdaigh sé an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2021 go dtí an 30 Meán Fómhair 2025 ('an tréimhse faoi bhreathnú').

### 1.5. **Páirtithe leasmhara**

(9) San fhógra tionscnaimh, iarradh ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Sa bhreis air sin, chuir an Coimisiún an t-iarratasóir, na táirgeoirí aitheanta sa tSín, údaráis na Síne, na hallmhaireoirí aitheanta agus na húsáideoirí aitheanta ar an eolas go sonrach faoi thionscnamh an athbhreithnithe éaga agus d'iarr sé orthu a bheith páirteach ann.

(10) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir le tionscnamh an athbhreithnithe éaga agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála. Níor iarr aon cheann de na páirtithe éisteacht.

### 1.6. **Sampláil**

(11) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún b'fhéidir go ndéanfadh sé táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín agus allmhaireoirí neamhchomhlachaithe a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

#### 1.6.1. *Táirgeoirí an Aontais a shampláil*

(12) Mar a luadh san fhógra tionscnaimh, chuir an Coimisiún ceistneoirí ar fáil don dá tháirgeoir aitheanta de chuid an Aontais, is iad sin Agricultura y Conservas, S.A. agus Industrias Videca, S.A. Measadh nár ghá táirgeoirí de chuid an Aontais a shampláil.

([7]) IO C, C/2025/862, 3.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/862/oj.

([8]) Ceartúchán (OJ C, C/2025/90108, 12.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5628/corrigendum/2025-12 12/oj) ar fhógra tionscnaimh maidir le hathbhreithniú éaga ar na bearta frithdhumpála is infheidhme i dtaca le hallmhairí torthaí citris áirithe, iad ullmhaithe nó leasaithe, (mar atá mandairíní, etc.) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO C, C/2025/5628, 21.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5628/oj).

1.6.2. *Allmhaireoirí a shampláil*

(13) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a sonraíodh san fhógra tionscnaimh a sholáthar.

(14) Níor sholáthair aon allmhaireoir neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a iarradh ná níor thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún nár ghá sampláil a dhéanamh. Ní bhfuarthas aon bharúil maidir leis an gcinneadh sin.

1.6.3. *Táirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne a shampláil*

(15) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin sa tSín an fhaisnéis a sonraíodh san fhógra tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile ar spéis leo a bheith páirteach san imscrúdú a shainaithint, agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh.

(16) Níor sholáthair ach aon táirgeoir onnmhairiúcháin amháin sa tír lena mbaineann an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh sé a bheith san áireamh sa sampla. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún nár ghá sampláil a dhéanamh.

(17) Iarradh ar an gcuideachta an freagra ar an gceistneoir a chur isteach, ach an 17 Samhain 2025 chuir an táirgeoir onnmhairiúcháin an Coimisiún ar an eolas go foirmiúil nach raibh sé ar intinn aige comhoibriú.

1.7. **Freagraí ar an gceistneoir**

(18) An lá a tionscnaíodh an t-imscrúdú, chuir an Coimisiún ceistneoirí le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin, táirgeoirí de chuid an Aontais, allmhaireoirí neamhchomhlachaithe san Aontas agus úsáideoirí san Aontas ar fáil ar a shuíomh gréasáin ([9]). Sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne freisin maidir le saobhadh suntasach a bheith sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(19) Fuarthas freagraí ar an gceistneoir ó na táirgeoirí de chuid an Aontais agus uathu amháin. Ní bhfuarthas aon fhreagra ó pháirtithe leasmhara eile, amhail: táirgeoirí onnmhairiúcháin, allmhaireoirí neamhchomhlachaithe de chuid an Aontais agus/nó Úsáideoirí agus Rialtas na Síne.

1.8. **Fíorú**

(20) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil agus den díobháil nó go ndéanfar an athuair iad agus maidir le leas an Aontais. Is in áitribh na gcuideachtaí a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

Táirgeoirí an Aontais

— Agricultura y Conservas S.A., Algemesí (Valencia), an Spáinn

— Industrias Videca S.A., Villanueva de Castellón (Valencia), an Spáinn

1.9. **Sonraí a chur i láthair**

(21) In éagmais comhair ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin agus i bhfianaise an lín theoranta táirgeoirí de chuid an Aontais, tá cuid de na figiúirí a chuirtear i láthair thíos i bhfoirm raonta chun sáruithe rúndachta a sheachaint.

([9]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2816.

## 2. AN TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

### 2.1. An táirge faoi athbhreithniú

(22) Is ionann an táirge faoi athbhreithniú agus an táirge san imscrúdú bunaidh, is é sin, mandairíní (lena n-áirítear táinséiríní agus satsúmaí), cleimintíní, builcíní agus hibridí citris comhchosúla eile, iad ullmhaithe nó leasaithe, nach bhfuil biotáille bhreise curtha leo, bíodh siúcra breise nó ábhar milsiúcháin eile curtha leo nó ná bíodh, ar táirge é a thagann faoi láthair faoi chóid AC 2008 30 55, 2008 30 75 agus ex 2008 30 90 (cóid TARIC 2008 30 90 61, 2008 30 90 63, 2008 30 90 65, 2008 30 90 67 agus 2008 30 90 69) ('mandairíní stánaithe').

(23) Faightear an táirge faoi athbhreithniú trí chineálacha áirithe torthaí beaga citris (satsúmaí den chuid is mó) a scamhadh agus a dheighilt, ar torthaí iad a phacáistítear ansin i meán síoróipe siúcra, sú nó uisce i méideanna éagsúla chun freastal ar éilimh shonracha na margaí éagsúla.

(24) Tugtar an t-ainm comhchoiteann 'mandairín' ar shatsúmaí, cleimintíní agus torthaí beaga citris eile de ghnáth. Tá an chuid is mó de na cineálacha éagsúla torthaí sin oiriúnach lena n-úsáid mar tháirge úr nó lena bpróiseáil. Tá siad cosúil le chéile agus meastar, dá bhrí sin, gur aon táirge amháin iad a n-ullmhóidí nó a leasuithe.

### 2.2. An táirge lena mbaineann

(25) Is é an táirge lena mbaineann an t-imscrúdú seo an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne a thagann faoi chóid AC 2008 30 55, 2008 30 75 agus ex 2008 30 90 (cóid TARIC 2008 30 90 61, 2008 30 90 63, 2008 30 90 65, 2008 30 90 67 agus 2008 30 90 69) faoi láthair.

### 2.3. An táirge comhchosúil

(26) Mar a suíodh san imscrúdú bunaidh, agus sna hathbhreithnithe éaga roimhe seo, deimhníodh le himscrúdú an athbhreithnithe éaga seo go bhfuil na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna, chomh maith leis na húsáidí bunúsacha céanna, ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge lena mbaineann arna tháirgeadh agus arna dhíol ar mhargadh intíre na Síne;

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin leis an gcuid eile den domhan, agus

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(27) Dá bhrí sin, meastar gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

## 3. DUMPÁIL

### 3.1. Réamhbharúlacha

(28) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, tháinig laghdú ar allmhairí an táirge faoi athbhreithniú ón tSín i gcomparáid le tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe éaga roimhe sin (is é sin ón 1 Deireadh Fómhair 2018 go dtí an 30 Meán Fómhair 2019). De réir Eurostat, is é [32-35] % de mhargadh an Aontais a bhí i gceist le hallmhairí mandairíní stánaithe ón tSín le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, i gcomparáid le sciar 71,1 % den mhargadh le linn an imscrúdaithe bunaidh agus 43,3 % le linn an chéad athbhreithnithe éaga agus [30-41] % san athbhreithniú éaga roimhe seo. I ndearbhthéarmaí, 15 188 dtona a bhí i gceist leis na hallmhairí ón tSín le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(29) Mar a luadh in aithris (19), níor chomhoibrigh aon cheann de na honnmhaireoirí ná na táirgeoirí ón tír lena mbaineann san imscrúdú. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún in iúl d'údaráis na Síne go bhféadfadh an Coimisiún, in éagmais comhair, Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir leis na torthaí i dtaca leis an tSín. Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil maidir leis sin ná aon iarraidh ar idirghabháil ón Oifigeach Éisteacha maidir leis sin.

(30) Dá réir sin, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, bhí na torthaí i ndáil leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil nó go ndéanfar an dumpáil an athuair bunaithe ar na fíorais a bhí ar fáil, go háirithe sonraí Eurostat, Airteagal 14(6) den bhun-Rialachán ('bunachar sonraí Airteagal 14(6)'), faisnéis san iarraidh ar athbhreithniú agus faisnéis a fuarthas ó pháirtithe comhoibríocha le linn imscrúdú an athbhreithnithe (mar atá, an t-iarratasóir agus táirgeoirí an Aontais). Ina theannta sin, d'úsáid an Coimisiún foinsí eile faisnéise a bhí ar fáil go poiblí amhail sonraí ón Tuirc, a roghnaíodh mar thír ionadaíoch, lena n-áirítear sonraí ó Institiúid Staidrimh na Tuirce ([10]), chomh maith le sonraí ó Orbis Bureau van Dijk ([11])('Orbis') agus ó Global Trade Atlas ([12])('GTA').

### 3.2. An nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán le haghaidh allmhairí an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

(31) Ós rud é go raibh fianaise leordhóthanach ar fáil nuair a tionscnaíodh an t-imscrúdú agus go bhféadfaí a thaispeáint, maidir leis an tSín, gurbh ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú ar bhonn Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(32) D'fhonn faisnéis a fháil a mheas sé a bheith riachtanach dá imscrúdú maidir leis an saobhadh suntasach a líomhnaíodh, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2 den fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara uile a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá tar éis dháta fhoilsithe an fhógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(33) Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne agus ní bhfuarthas aon aighneacht maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán roimh an sprioc-am. Ina dhiaidh sin, an 14 Eanáir 2026, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go n-úsáidfeadh sé na fíorais a bhí ar fáil de réir bhrí Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasach sa tSín. Níor thug Rialtas na Síne aon bharúil ina leith sin.

(34) I bpointe 5.3.2 den fhógra tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún freisin, mar gheall ar an bhfianaise a bhí ar fáil, go raibh an Tuirc roghnaithe aige go sealadach mar thír ionadaíoch iomchuí de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán chun an gnáthluach a chinneadh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa. Shonraigh an Coimisiún freisin go scrúdódh sé tíortha eile a d'fhéadfadh a bheith iomchuí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa chéad fhleasc d'Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(35) An 21 Eanáir 2026, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas le nóta ('an nóta') maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh. Sa nóta sin, sholáthair an Coimisiún liosta de na tosca táirgeachta uile amhail amhábhair, saothar agus fuinneamh a úsáidtear i dtáirgeadh an táirge faoi athbhreithniú. Ina theannta sin, ar bhonn na gcritéar a threoraíonn rogha na bpraghsanna nó na dtagarmharcanna neamhshaofa, shainaithin an Coimisiún an Tuirc mar an tír ionadaíoch iomchuí. Thairis sin, chuir sé in iúl freisin do na páirtithe leasmhara go suífeadh sé costais díola, ghinearálta agus riaracháin ('costais SGA') agus brabúis ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil maidir leis an gcuideachta Frigo-Pak, ar táirgeoir é sa tír ionadaíoch. Ní bhfuarthas aon bharúil.

### 3.3. An Gnáthluach

(36) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán, '[b]eidh an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc de ghnáth, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir'.

(37) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, '[m]ás rud é go gcinntear […]nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tír is onnmhaireoir toisc gur ann do shaobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí pointe (b), ríomhfar an gnáthluach go heisiach ar bhonn costais táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa', agus '[á]ireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús ('costais SGA' a thugtar anseo feasta ar 'costais riaracháin, díola agus ghinearálta').

([10]) https://www.tuik.gov.tr/Home/Index.
([11]) https://login.bvdinfo.com/R1/Orbis.
([12]) http://www.gtis.com/gta/secure/default.cfm.

(38) Mar a mhínítear thíos freisin, ba é conclúid an Choimisiúin san imscrúdú seo, bunaithe ar an bhfianaise a bhí ar fáil agus i bhfianaise an easpa comhair ó Rialtas na Síne agus ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin, gurbh iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

3.3.1. *Saobhadh suntasach a bheith ann*

(39) Scrúdaigh an Coimisiún an fhianaise sa chomhad chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasach sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, rud a fhágann nach iomchuí praghsanna agus costais intíre na tíre sin a úsáid. San anailís sin, cumhdaíodh na gnéithe fianaiseacha seo a leanas maidir leis na critéir éagsúla atá ábhartha chun a shuí gur ann do shaobhadh suntasach.

(40) Ar an gcéad dul síos, san fhianaise a bhí san iarraidh, áiríodh na gnéithe seo a leanas a léiríonn gur ann do shaobhadh suntasach:

— Luadh 'Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun Críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála ([13]) ('Tuarascáil') san iarraidh.

— Suíodh san iarraidh freisin go bhfuil gá le raon leathan ionchur chun mandairíní stánaithe a tháirgeadh. Lena chur in iúl ar bhealach níos beaichte, éilíonn an táirge lena mbaineann go príomha (i) mandairíní úra; (ii) cruach stánaithe (cannaí agus caidhpeanna agus claibíní); (iii) lucht saothair; (iv) ábhair mar lipéid chlóite agus cartáin; (v) siúcra agus (vi) fuinneamh. Tá na hionchuir sin uile faoi réir saobhadh toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil ón rialtas difear dá bpraghasmhúnlú ([14]).

— Thairis sin, áitíodh san iarraidh go ndéanann rialtas na Síne idirghabháil i ngeilleagar na Síne i ndáil le leithdháileadh caipitil, talún, saothair, fuinnimh agus amhábhar agus, dá bhrí sin, go bhfuil táirgeadh an táirge lena mbaineann neamhchosanta ar shaobhadh suntasach sa tSín. Go háirithe, cuireadh in iúl san iarraidh nach léiríonn na torthaí eacnamaíocha arna leagan síos ag an rialtas fórsaí an mhargaidh ach go bhfuil siad dírithe ar spriocanna na pleanála stáit a bhaint amach. Déanann idirghabháil rialtas na Síne sa gheilleagar difear d'fhormhór na n-earnálacha eacnamaíocha, lena n-áirítear earnáil na dtorthaí stánaithe ([15]).

— Áitíodh san iarratas freisin go bhfreastalaíonn fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht, faoi mhaoirseacht bheartais agus faoi stiúir údaráis na Síne go mór ar mhargadh na Síne ([16]). Go háirithe, freastalaíonn fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht nó faoi mhaoirseacht bheartais agus faoi stiúir údaráis na Síne go mór ar mhargadh talmhaíochta na Síne ([17]).

— Luadh san iarraidh freisin go bhfuil tearc-fhorfheidhmiú córasach á dhéanamh sa tSín ar dhlíthe féimheachta agus maoine, rud is cúis le saobhadh suntasach i margadh na Síne. Ní shocraítear costais agus praghsanna i margadh na Síne i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh shaoir ach tá siad faoi réir idirghabháil rialtas na Síne ([18]).

— Maidir le rochtain ar mhaoiniú sa tSín, áitíodh san iarraidh gurb iad institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an Stát ar shlí eile a dheonaíonn é, agus dá bhrí sin, ní dheonaítear rochtain ar mhaoiniú i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh shaoir ([19]).

(41) Ar an dara dul síos, in imscrúduithe a rinneadh le déanaí maidir le hearnáil na dtorthaí stánaithe sa tSín ([20]), chinn an Coimisiún gurbh ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. Sna himscrúduithe sin, chinn an Coimisiún gur ann d'idirghabháil shubstaintiúil rialtais sa tSín, rud a shaobhann leithdháileadh éifeachtach na n-acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh. ([21]) Go háirithe, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid maidir le hearnáil na dtorthaí stánaithe, ní hamháin go bhfuil cuid mhór úinéireachta

([13]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun Críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála, an 10 Aibreán 2024, SWD (2024) 91 final. Féach leathanach 13 den Iarraidh.
([14]) Féach leathanach 14 den Iarraidh.
([15]) Féach leathanach 14-15 den Iarraidh.
([16]) Féach leathanach 15-21 den Iarraidh.
([17]) Féach leathanach 16 den Iarraidh.
([18]) Féach leathanach 29-30 den Iarraidh.
([19]) Féach leathanach 31-34 den Iarraidh.
([20]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1534.
([21]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1534, aithrisí 68-70.

ag Rialtas na Síne uirthi de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán ach ina theannta sin go bhfuil Rialtas na Síne in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais trí láithreacht an stáit i ngnólachtaí de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán ([22]). Shuigh an Coimisiún thairis sin go mbíonn iarmhairt shaobhach bhreise ar an margadh ag láithreacht an Stáit agus ag idirghabháil an Stáit sna margaí airgeadais agus i soláthar amhábhar agus ionchur freisin. Go deimhin, ar an iomlán, de thoradh an chórais pleanála sa tSín, bíonn acmhainní á leithdháileadh ag Rialtas na Síne ar earnálacha atá ainmnithe mar earnálacha straitéiseacha nó atá tábhachtach go polaitiúil ar shlí eile, seachas iad a bheith á leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh. Thairis sin, ba é conclúid an Choimisiúin nach bhfuil dlíthe féimheachta agus maoine na Síne ag obair i gceart de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán, rud a chruthaíonn saobhadh go háirithe nuair a bhíonn gnólachtaí dócmhainneacha á gcoimeád i mbun gnó agus nuair a bhíonn cearta úsáide talún á leithdháileadh sa tSín ([23]). Ar an gcaoi chéanna, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur ann do shaobhadh maidir le costais phá in earnáil na dtorthaí stánaithe de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán ([24]), mar aon le saobhadh sna margaí airgeadais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán, go háirithe maidir le rochtain ar chaipiteal do ghníomhaithe corparáideacha sa tSín ([25]).

(42) Ar an tríú dul síos, san athbhreithniú éaga is déanaí maidir leis an táirge faoi athbhreithniú[20], ba é conclúid an Choimisiúin gurbh ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Ní heol don Choimisiún aon mhórathrú struchtúrach sa tSín go ginearálta agus/nó san earnáil ábhartha, a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don chonclúid sin.

(43) Ar an gceathrú dul síos, léirigh fianaise bhreise atá ar fáil sa Tuarascáil ([26]), a d'ullmhaigh an Coimisiún de bhun Airteagal 2(6a)(c) den bhun-Rialachán, gurbh ann do shaobhadh suntasach freisin le linn na tréimhse idir an 1 Deireadh Fómhair 2024 agus an 30 Meán Fómhair 2025 (tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe).

(44) Ar an gcúigiú dul síos, níor thug Rialtas na Síne ná na táirgeoirí onnmhairiúcháin san imscrúdú seo aon fhianaise ná argóint ina aghaidh sin.

(45) I bhfianaise an mhéid thuas, léiríodh leis an bhfianaise a bhí ar fáil nach toradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad praghsanna ná costais an táirge faoi athbhreithniú, lena n-áirítear costais amhábhar, fuinnimh agus saothair, toisc go ndéantar difear dóibh trí idirghabháil shubstaintiúil ón rialtas de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, mar a léirítear leis an tionchar iarbhír nó an tionchar féideartha atá ag ceann amháin nó níos mó de na gnéithe ábhartha a liostaítear ann.

(46) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun an gnáthluach a shuí sa chás sin. Dá bhrí sin, chuaigh an Coimisiún ar aghaidh leis an ngnáthluach a ríomh go heisiach ar bhonn na gcostas táirgthe agus díola agus praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa á léiriú, is é sin, sa chás seo, ar bhonn na gcostas comhfhreagrach táirgthe agus díola i dtír ionadaíoch iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

### 3.3.2. *Tír ionadaíoch*

#### 3.3.2.1 Barúlacha ginearálta

(47) Bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

— Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an leibhéal atá sa tSín. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta *per capita* acu atá cosúil leis an ollioncam náisiúnta *per capita* atá ag an tSín ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ([27]);

([22]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1534, aithrisí 71-76.
([23]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1534, aithrisí 84-89.
([24]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1534, aithrisí 90-94.
([25]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1534, aithrisí 95-106.
([26]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun Críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála, an 10 Aibreán 2024, SWD (2024) 91 final.
([27]) Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Ard-Mheánioncam, https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income.

— Táirgeacht an táirge faoi athbhreithniú sa tír sin ([28]);

— Sonraí ábhartha a bheith ar fáil go héasca sa tír ionadaíoch.

— I gcás ina mbeadh níos mó ná rogha fhéideartha amháin ann i ndáil le tír ionadaíoch, ba cheart tús áite a thabhairt, i gcás inarbh iomchuí, don tír ina bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.

(48) Mar a mhínítear in aithris (35), d'eisigh an Coimisiún nóta i gcomhair an chomhaid faoi na foinsí chun an gnáthluach a chinneadh an 21 Eanáir 2026. Sa nóta sin sonraíodh na fíorais agus an fhianaise ba bhun leis na critéir ábhartha, agus cuireadh na páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé beartaithe aige an Tuirc, an tír a moladh san iarraidh ar athbhreithniú éaga, a úsáid mar thír ionadaíoch iomchuí sa chás seo dá mba rud é go ndeimhneofaí saobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(49) I gcomhréir leis na critéir a liostaítear faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, shainaithin an Coimisiún an Tuirc mar thír a bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche aici atá cosúil leis an tSín. Aicmíonn an Banc Domhanda an Tuirc mar thír 'ard-mheánioncaim' ar bhonn ollioncam náisiúnta. Thairis sin, sainaithníodh an Tuirc mar thír ina bhfuil an táirge faoi athbhreithniú á tháirgeadh agus ina raibh na sonraí ábhartha ar fáil go héasca.

(50) Ar deireadh, de bharr na heaspa comhair agus tar éis a shuí go raibh an Tuirc ina tír ionadaíoch iomchuí, bunaithe ar na gnéithe thuasluaite uile, ní raibh aon ghá le measúnú a dhéanamh ar leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil i gcomhréir leis an abairt dheireanach d'Airteagal 2(6a)(a) an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

#### 3.3.2.2. Conclúid

(51) In éagmais comhair, mar a moladh san iarraidh ar athbhreithniú éaga agus ós rud é gur chomhlíon an Tuirc na critéir a leagtar síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún an Tuirc mar an tír ionadaíoch iomchuí.

### 3.4. **Foinsí arna n-úsáid chun costais neamhshaofa a shuí**

(52) Sa nóta, liostaigh an Coimisiún na tosca táirgeachta amhail ábhair, fuinneamh agus saothar a úsáideann tionscal an Aontais i dtáirgeadh an táirge faoi athbhreithniú agus d'iarr sé ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt agus faisnéis atá ar fáil go héasca a mholadh maidir le luachanna neamhshaofa le haghaidh gach ceann de na tosca táirgeachta a luaitear sa nóta sin.

(53) Luaigh an Coimisiún freisin sa nóta, d'fhonn an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, go n-úsáidfeadh sé GTA ([29]) chun an costas neamhshaofa a shuí maidir leis na tosca táirgeachta, go sonrach na hamhábhair.

(54) Ina theannta sin, luaigh an Coimisiún go n-úsáidfeadh sé na sonraí ó Eurostat ([30]) le haghaidh leictreachais, ó Institiúid Staidrimh na Tuirce ([31]) le haghaidh gás nádúrtha agus saothair, chun costais neamhshaofa a shuí. Ar deireadh, luaigh an Coimisiún go n-úsáidfeadh sé na sonraí airgeadais ón táirgeoir de chuid na Tuirce a luaitear in aithris (35) thuas chun costas SGA agus brabús a shuí.

(55) Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil ó pháirtithe leasmhara maidir le liosta na dtosca táirgeachta sa nóta.

([28]) Mura bhfuil an táirge faoi athbhreithniú á tháirgeadh in aon tír ina bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche comhchosúil, féadfar féachaint ar tháirge a tháirgtear sa chatagóir agus/nó san earnáil ghinearálta chéanna leis an táirge faoi athbhreithniú.
([29]) http://www.gtis.com/gta/secure/default.cfm.
([30]) https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/nrg_pc_205/default/table?lang=ga.
([31]) TÜİK - Veri Portalı (tuik.gov.tr).

3.4.1. *Tosca táirgeachta*

(56) I bhfianaise na faisnéise uile san iarraidh ar athbhreithniú éaga agus na faisnéise a chuir an t-iarratasóir isteach ina dhiaidh sin agus a bailíodh le linn na gcuairteanna fíorúcháin, agus in éagmais comhair ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne ná barúlacha maidir leis an nóta, sainaithníodh na tosca táirgeachta seo a leanas agus a bhfoinsí chun an gnáthluach a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

*Tábla 1*

**Tosca táirgeachta mandairíní stánaithe**

| Toisc tháirgeachta | Cód an tráchtearra sa Tuirc | Foinse sonraí | Aonad tomhais | Luach aonaid neamhshaofa (CNY) |
|---|---|---|---|---|
| AMHÁBHAIR | | | | |
| Mandairíní (lena n-áirítear táinséiríní agus satsúmaí), iad úr nó triomaithe | 0805 21 10 | GTA | Kg | 2,725 |
| Siúcra cána nó biatais agus siúcrós atá íon go ceimiceach, i bhfoirm sholadach, cé is moite de shiúcra amh; nach bhfuil ábhar breise blaistithe ná dathúcháin curtha leis, siúcra bán | 1701 99 10 | GTA | Kg | 10,16 |
| Cannaí atá le dúnadh trína sádráil nó trí roic a chur iontu, de chineál chun bia a chaomhnú, as iarann nó as cruach, a bhfuil toilleadh iontu is lú ná 50 l, bídís línithe nó inslithe in aghaidh teasa nó ná bídís, ach nach bhfuil trealamh meicniúil ná teirmeach feistithe orthu | 7310 21 11 | GTA | Kg | 42,86 |
| Stopalláin; caidhpeanna agus claibíní, as táirmhiotal (seachas coirc chorónacha) | 8309 90 | GTA | Kg | 52,44 |
| Cartáin, boscaí agus cásanna, as páipéar roctha nó as cairtchlár roctha | 4819 10 | GTA | Kg | 14,54 |
| FUINNEAMH | | | | |
| Leictreachas | Ní bhaineann le hábhar | Eurostat | kWh | 0,741 |
| Gás nádúrtha | Ní bhaineann le hábhar | Institiúid Staidrimh na Tuirce | m3 | 1,50 – 3,57 |
| SAOTHAR | | | | |
| Costas saothair | Ní bhaineann le hábhar | Institiúid Staidrimh na Tuirce | uair an chloig | 45,91 |

3.4.1.1. Amhábhair

(57) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhar mar a dhéantar iad a sheachadadh ag geata táirgeora sa tír ionadaíoch a shuí, d'úsáid an Coimisiún an praghas allmhairiúcháin chuig an tír ionadaíoch mar a thuairiscítear in GTA mar bhonn agus cuireadh dleachtanna allmhairiúcháin agus costas iompair (nuair a bhí siad ar fáil mar a mhínítear in aithris (61)) leis.

(58) Rinneadh praghas allmhairiúcháin sa tír ionadaíoch a chinneadh mar mheán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír seachas an tSín agus na tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([32]). Chinn an Coimisiún allmhairí ón tSín isteach sa tír ionadaíoch a eisiamh toisc gur chinn sé in aithrisí (39) - (46) nach raibh sé iomchuí praghsanna agus costais intíre sa tSín a úsáid mar go bhfuil saobhadh suntasach inti i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(59) De bhrí nach bhfuil aon fhianaise ann a léiríonn nach mar an gcéanna an tionchar a d'imir an saobhadh céanna ar amhábhair a úsáidtear chun táirgí a mhonarú a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún gur imir an saobhadh céanna tionchar ar phraghsanna onnmhairiúcháin. Tar éis allmhairí ón tSín chuig an tír ionadaíoch a eisiamh, bhí méid na n-allmhairí ó thríú tíortha eile ionadaíoch fós.

(60) I gcás líon tosca táirgeachta (is é sin sú), b'ionann na costais iarbhír arna dtabhú ag táirgeoirí an Aontais agus sciar diomaibhseach de na costais amhábhar iomlána le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ós rud é nach raibh aon tionchar mór ag an luach a úsáidtear dóibh siúd ar na ríomhanna maidir le corrlach dumpála, gan beann ar an bhfoinse a úsáideadh, chinn an Coimisiún na costais sin a áireamh le 'tomhaltáin'. Chuir an Coimisiún in iúl gur ríomh sé céatadán na dtomhaltán ar chostas iomlán na n-amhábhar agus gur chuir sé an céatadán sin i bhfeidhm ar chostas athríofa na n-amhábhar agus na praghsanna neamhshaofa arna suí á n-úsáid aige.

(61) Ba cheart na costais iompair intíre a chur leis na praghsanna allmhairiúcháin sin de ghnáth. Mar sin féin, agus leibhéal na gcorrlach dumpála arna ríomh thíos á gcur san áireamh, mar aon le cineál an athbhreithnithe éaga seo, ina ndírítear ar a chinneadh ar leanadh den dumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe nó an bhféadfadh sé go ndéanfar í an athuair, seachas méid beacht na dumpála a fháil amach, chinn an Coimisiún nach raibh gá le coigeartuithe maidir le hiompar intíre nuair nach raibh an fhaisnéis ar fáil. Níor úsáideadh ach na costais iompair arna dtuairisciú ag táirgeoirí an Aontais chun na mandairíní a sholáthar agus níor úsáideadh iad i gcás na n-amhábhar uile. Ní bheadh de thoradh ar choigeartuithe den sórt sin ach an gnáthluach a mhéadú agus an corrlach dumpála dá réir sin.

3.4.1.2. Saothar

(62) Foilsíonn Institiúid Staidrimh na Tuirce faisnéis mhionsonraithe maidir le pá in earnálacha difriúla de gheilleagar na Tuirce. Ba é 45,91 CNY san uair an meánchostas saothair san uair in aghaidh na fostaíochta lánaimseartha. Bhunaigh an Coimisiún an tagarmharc don tréimhse imscrúdúcháin bunaithe ar an meánchostas saothair in aghaidh na huaire don mhonaraíocht in earnáil NACE Rev.2 don ghníomhaíocht eacnamaíoch C-10 ([33]) le haghaidh 2022, innéacsaithe go 2024 bunaithe ar innéacsanna coigeartaithe san earnáil monaraíochta sa Tuirc (NACE C).

(63) Thug an Coimisiún faoi deara go raibh an tagairt don ghníomhaíocht eacnamaíoch a tuairiscíodh sa nóta maidir le tosca táirgeachta (NACE C-23) mícheart i bhfianaise na tagartha (NACE C-10) a úsáideadh don ríomh foluiteach. Dá bhrí sin, deimhníonn an Coimisiún gurb é NACE C-10 an ghníomhaíocht eacnamaíoch cheart a úsáidtear chun an tagarmharc costais saothair a shainaithint. Fuinneamh (Leictreachas, Gás nádúrtha)

(64) D'úsáid an Coimisiún na sonraí is déanaí a bhí ar fáil maidir le praghsanna leictreachais tionsclaíocha is infheidhme i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe sa Tuirc arna bhfoilsiú ag Eurostat. Léirítear leis an bhfaisnéis meántaraif thionsclaíoch 0,741 CNY in aghaidh an kWh le haghaidh 2024 ([34]).

([32]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/755/oj).

([33]) Le 'monarú táirgí bia' faoi chód NACE C.10 cumhdaítear 'próiseáil agus leasú eile torthaí agus glasraí' faoi chód NACE C.10.39. Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi NACE, féach 'NACE Rev. 2 – Aicmiú staidrimh do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha', Eurostat; le fáil ar: https://ec.europa.eu/eurostat/web/products-manuals-andguidelines/-/KS-RA-07-015 (asbhaint déanta i mí Eanáir 2026).

([34]) Chun an meánphraghas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe a ríomh, ríomh an Coimisiún an meánphraghas in aghaidh an aonaid (EUR/KWh) don dara leath de 2024 agus don chéad leath de 2025, arna chomhshó go CNY. Rinneadh asbhaint Eurostat an 16 Eanáir 2026 ag an nasc seo a leanas: https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/nrg_pc_205/default/table?lang=ga.

(65) Maidir le gás nádúrtha, d'úsáid an Coimisiún an praghas d'úsáideoirí tionsclaíocha sa Tuirc mar a d'fhoilsigh Institiúid Staidrimh na Tuirce ([35]) é ina preaseisiúintí rialta. D'úsáid an Coimisiún sonraí na bpraghsanna gáis sa bhanda tomhaltais comhfhreagrach in Kuruş/m³ arna gcoigeartú go cuí de réir boilscithe trí úsáid a bhaint as an Innéacs Praghsanna Táirgeoirí arna fhoilsiú ag Institiúid Staidrimh na Tuirce chun oiriúnú do thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (Deireadh Fómhair 2024-Meán Fómhair 2025). Coigeartaíodh an praghas de réir CBL 18 %, toisc go bhfuil CBL san áireamh sa phraghas luaite.

### 3.5. **Forchostais mhonaraíochta, costais SGA agus brabúis**

(66) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, '*[á]ireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús*'. Ina theannta sin, ní mór luach le haghaidh na bhforchostas monaraíochta a shuí chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas.

(67) Chun luach neamhshaofa na bhforchostas monaraíochta a shuí agus ós rud é go bhfuil comhar na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin in easnamh, bhain an Coimisiún úsáid as na fíorais a bhí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, ar bhonn shonraí fíoraithe na dtáirgeoirí de chuid an Aontais, shuigh an Coimisiún cóimheas na bhforchostas monaraíochta leis an gcostas díreach iomlán, is é sin costas lena n-áirítear tomhaltas amhábhar agus fuinnimh, agus costas saothair díreach agus indíreach. Cuireadh an céatadán sin i bhfeidhm ansin ar luach neamhshaofa na gcostas monaraíochta chun luach neamhshaofa na bhforchostas monaraíochta a fháil, ag brath ar an tsamhail a táirgeadh.

(68) Chun luach neamhshaofa a shuí le haghaidh chostais SGA agus brabúis, d'úsáid an Coimisiún na sonraí airgeadais ón gcuideachta Thurcach, Frigo-Pak le haghaidh 2025 mar a tuairiscíodh i gcuntais iniúchta na cuideachta ([36]). Chuir an Coimisiún na hítimí seo a leanas le costais neamhshaofa na monaraíochta:

(a) Costas SGA 21 % arna shloinneadh ar chostas na n-earraí a díoladh (CED) arna chur i bhfeidhm maidir le suim na gcostas táirgeachta;

(b) Brabús 29 % arna shloinneadh ar chostas na n-earraí a díoladh (CED) arna chur i bhfeidhm maidir leis na costais táirgeachta.

### 3.6. **Ríomh an ghnáthluacha**

(69) Ar bhonn a bhfuil thuas, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(70) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaofa. In éagmais chomhar na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, bhraith an Coimisiún ar an bhfaisnéis a sholáthair an t-iarratasóir san iarraidh ar athbhreithniú faoi úsáid gach toisce (amhábhair, fuinneamh agus saothar) chun mandairíní stánaithe a tháirgeadh a cros-seiceáladh in aghaidh na bhfreagraí a thug táirgeoirí an Aontais ar an gceistneoir. Rinneadh tomhaltas aonaid gach toisce táirgeachta a iolrú faoin gcostas neamhshaofa bunaithe ar shonraí ón tír ionadaíoch. Is éard a léiríonn suim chostas neamhshaofa na n-amhábhar, an fhuinnimh agus an tsaothair costas neamhshaofa na monaraíochta.

(71) Nuair a suíodh costas neamhshaofa na monaraíochta, chuir an Coimisiún na forchostais mhonaraíochta, na costais SGA agus an brabús leis na costais sin.

(72) Cinneadh forchostais mhonaraíochta bunaithe ar shonraí a soláthraíodh le sonraí fíoraithe tháirgeoirí an Aontais agus sloinneadh iad mar chóimheas dá gcostas monaraíochta. Cuireadh an céatadán sin i bhfeidhm ansin ar luach neamhshaofa na gcostas monaraíochta chun luach neamhshaofa na bhforchostas monaraíochta a fháil. Forchostais mhonaraíochta a bhí i gceist le [15 - 19] % de chostas na monaraíochta. Trí na forchostais mhonaraíochta neamhshaofa a chur le costas neamhshaofa na monaraíochta, shuigh an Coimisiún an costas táirgthe neamhshaofa. Cinneadh costais SGA agus brabús bunaithe ar fhaisnéis airgeadais na cuideachta Turcach, Frigo-Pak le haghaidh 2025 mar a mhínítear in aithris (68), a raibh 21 % agus 29 % de Chostais na nEarraí a Díoladh (CED) i gceist leo faoi seach. Cuireadh céatadáin na gcostas SGA neamhshaofa agus an bhrabúis neamhshaofa i bhfeidhm ar chostais iomlána neamhshaofa na monaraíochta

([35]) TÜİK Kurumsal – chuathas i gcomhairle leis go deireanach an 16 Eanáir 2026.

([36]) Ráiteas airgeadais comhdhlúite agus tuarascáil an iniúchóra neamhspleách don bhliain 2023 - https://www.frigo-pak.com.tr/.

(73) Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán. I bhfianaise na heaspa comhair ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin, rud a d'fhág nárbh fhéidir praghas onnmhairiúcháin chuig an Aontas nó chuig tríú tíortha in aghaidh an chineáil táirge a fháil, chinn an Coimisiún gnáthluach aonair mar mheán na ngnáthluachanna a suíodh in aghaidh an chineáil táirge.

### 3.7. **An praghas onnmhairiúcháin**

(74) In éagmais comhair ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin ón tSín, cinneadh an praghas onnmhairiúcháin bunaithe ar shonraí CAL ó Eurostat, arna gceartú de réir leibhéal an phraghais díreach ón monarcha. Dá bhrí sin, rinneadh an praghas CAL a laghdú de réir an chostais muirlasta agus árachais agus an chostais iompair intíre. Bhí costais iompair intíre na Síne agus costais iompair idirnáisiúnta bunaithe ar fhaisnéis a chuir an t-iarratasóir ar fáil san iarraidh ar athbhreithniú.

### 3.8. **Comparáid**

(75) Chuir an Coimisiún na gnáthluachanna ríofa a suíodh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, i gcomparáid, ar an leibhéal comhiomlánaithe, leis an bpraghas onnmhairiúcháin ar leibhéal an phraghais díreach ón monarcha mar a shuitear thuas.

### 3.9. **Corrlach dumpála**

(76) Ar an mbonn sin, suíodh gur shuntasach í an difríocht idir an praghas onnmhairiúcháin agus an gnáthluach ríofa (os cionn 160 %). Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid gur leanadh den dumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

## 4. **AN DÓCHÚLACHT GO LEANFAR DEN DUMPÁIL NÓ GO NDÉANFAR AN ATHUAIR Í**

(77) Sa bhreis ar an toradh lena bhfuarthas gur ann don dumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, rinne an Coimisiún imscrúdú, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán, ar an dóchúlacht go leanfar den dumpáil nó go ndéanfar an athuair í, má dhéantar na bearta a aisghairm. Rinneadh anailís ar na heilimintí breise seo a leanas: (i) an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa tSín, (ii) an gaol idir praghsanna onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha agus leibhéal na bpraghsanna san Aontas agus (iii) tarraingteacht mhargadh an Aontais.

### 4.1. **An acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa tSín**

(78) In éagmais comhair, shuigh an Coimisiún acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise sa tSín ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil, na faisnéise a soláthraíodh san iarraidh ar athbhreithniú agus an mheasúnaithe a rinneadh san athbhreithniú éaga roimhe seo bunaithe ar an ngrúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin a tháinig chun cinn agus a líon isteach an fhoirm shamplála.

(79) De réir na sonraí a bhí ar fáil i séasúr 2019, measadh gurb é 80 000 – 110 000 tona ([37]) an táirgeacht bhliantúil sa tSín i gcás mandairíní stánaithe agus gurb é 120 000 - 170 000 tona an acmhainneacht táirgeachta, rud a d'fhág go raibh acmhainneacht bhreise mheasta 40 000 - 60 000 tona ann. Tá an ró-acmhainneacht sin le haghaidh mandairíní stánaithe suntasach ós rud é gurbh é 44 000 tona an tomhaltas san Aontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus gurb é [7 000 - 10 000] tona díolacháin thionscal an Aontais. Tá margadh intíre an mhandairín stánaithe sa tSín beag (thart ar 9 000 – 13 000 tona in 2019). Fiú nuair a ghlactar leis go bhféadfaí mandairíní stánaithe a dhíol ar phraghsanna arda i margadh intíre na Síne, níl aon chomhartha ann go bhfásfaidh margadh na Síne go fóinteach ná go n-ionsúfaidh sé aon acmhainneacht bhreise. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí a mheas go bhfuil tionscal mandairíní stánaithe na Síne dírithe ar onnmhairiú. Tá acmhainneacht bhreise mheasta na Síne 5-6 huaire níos airde cheana féin ná méid díolachán iomlán thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais.

(80) Ar bhonn an mhéid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh an tSín i measc na dtáirgeoirí mandairíní stánaithe is mó ar domhan agus go raibh acmhainneacht bhreise mhór aici a bhféadfaí í a onnmhairiú go héasca chuig an Aontas dá ndéanfaí na bearta a aisghairm.

([37]) Arna ríomh ar bhonn na faisnéise a sholáthair an grúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne a ghlac páirt in imscrúdú an athbhreithnithe éaga roimhe seo, arna mheas ar leibhéal thionscal iomlán na Síne.

### 4.2. **Tarraingteacht mhargadh an Aontais**

(81) Scrúdaigh an Coimisiún an dóigh go méadódh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne a ndíolacháin onnmhairiúcháin ar mhargadh an Aontais ar phraghsanna dumpáilte dá ligfí do na bearta dul in éag.

(82) Tá margadh an Aontais ar an gceathrú margadh is mó ar domhan. Tá sé fós an-tarraingteach d'onnmhaireoirí na Síne ó thaobh praghais agus méide de. Tá an praghas níos airde ná an chuid is mó de mhargaí onnmhairiúcháin eile na Síne – ach amháin an tSeapáin mar is léir ó allmhairí a bheith ann fós d'ainneoin na mbeart atá ann cheana ([38]). Eascraíonn dreasachtaí breise as praghsanna níos airde san Aontas agus as srianta trádála i margaí eile, go háirithe na taraifí 25 % *ad valorem* arna bhforchur ag na Stáit Aontaithe ([39]), rud a d'fhéadfadh onnmhairí a atreorú chuig an Aontas.

(83) I gcás ina n-aisghairfear bearta, is dócha go mbeidh brú suntasach praghsanna ann ó allmhairí na Síne a fhaigheann tacaíocht ó acmhainneachtaí substaintiúla. Chuirfeadh sé sin iallach ar thionscal an Aontais a phraghsanna a ísliú, rud a d'fhágfadh go dtiocfadh méadú ar a chaillteanais i dtéarmaí brabúsachta (-5 % in 2023 agus -10 % in 2024), nó go laghdófaí méideanna, go méadófaí costais aonaid agus go mbainfí an bonn den bhrabúsacht a thuilleadh. Le himeacht ama, bheadh laghdú acmhainneachta mar thoradh air sin.

(84) I bhfianaise staid thionscal an Aontais atá leochaileach cheana féin, is dócha go dtiocfadh meath tapa ar a staid airgeadais atá leochaileach cheana féin mar thoradh ar aon mhéadú ar allmhairí dumpáilte ón tSín.

### 4.3. **An gaol idir na praghsanna onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha agus leibhéal na bpraghsanna san Aontas**

(85) Suíodh praghas onnmhairiúcháin na Síne chuig margaí tríú tíortha le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ar bhonn na sonraí a bhí ar fáil ó staitisticí onnmhairiúcháin GTA, chomh maith le sonraí a fuair táirgeoirí an Aontais ([40]), is é sin ar bhonn chainníochtaí agus luachanna na n-onnmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne (ar leibhéal SAB). In 2024, d'ainneoin na ndleachtanna frithdhumpála a bhí i bhfeidhm, is é an tAontas an ceathrú margadh onnmhairiúcháin is tábhachtaí do tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne. Is é EUR 1 210/tona an meánphraghas in aghaidh an aonaid don Aontas. Is iad Stáit Aontaithe Mheiriceá (SAM), an tSeapáin agus an Indinéis na trí mhargadh onnmhairiúcháin is tábhachtaí. Is iad na meánphraghsanna in aghaidh an aonaid EUR 1 130/tona i gcás SAM, EUR 4 120/tona i gcás na Seapáine, agus EUR 910/tona i gcás na hIndinéise.

(86) De réir GTA, tháinig laghdú suntasach ar mhéid na n-onnmhairí ón tSín chuig an Indinéis idir 2023 agus 2024 (agus [7,6-8,5] % de thomhaltas an Aontais i gceist leis an difríocht 3 493 thona le linn na tréimhse imscrúdúcháin). D'fhéadfaí an laghdú sin a atreorú chuig an Aontas.

(87) I bhfianaise na méideanna móra onnmhairí ón tSín chuig margaí móra tríú tíortha, na bpraghsanna réasúnta íseal a thairgtear don Aontas, agus an laghdaithe a tháinig le déanaí ar onnmhairí chuig an Indinéis a d'fhéadfaí a atreorú, tá riosca soiléir ann go bhféadfar allmhairí breise ar phraghas íseal a dhíriú isteach i margadh an Aontais, rud a mhéadóidh an brú iomaíoch ar thionscal an Aontais.

### 4.4. **Conclúid maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil**

(88) I bhfianaise na hiompraíochta dumpála roimhe seo, an ardleibhéil dumpála a fuarthas fós le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, na hacmhainneachta breise suntasaí sa tSín, iompraíocht onnmhaireoirí na Síne ar mhargaí na dtríú tíortha, an ghaoil idir praghsanna onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha agus leibhéal na bpraghsanna san Aontas agus tharraingteacht mhargadh an Aontais, is é ár gconclúid gur dócha go leanfar den dumpáil má scoirtear de na bearta.

([38]) De réir sonraí ó S&P Global Market Intelligence maidir le honnmhairí torthaí citris ullmhaithe/leasaithe (cóid líne taraife 2008 30 10 agus 2008 30 90) ón tSín sa bhliain mhonaraíochta 2024, is iad na Stáit Aontaithe, an tSeapáin, an Indinéis agus an tAontas na príomhchinn scríbe onnmhairiúcháin do tháirgeoirí na Síne. Ba é seo a leanas an meánphraghas in aghaidh an aonaid sa bhliain mhonaraíochta 2024: i) EUR 1,13 in aghaidh an kg le haghaidh onnmhairí chuig na Stáit Aontaithe, ii) EUR 1,21 in aghaidh an kg le haghaidh onnmhairí chuig an Aontas, agus iii) EUR 4,12 in aghaidh an kg le haghaidh onnmhairí chuig an tSeapáin – www.spglobal.com/en (comhairliúchán deireanach i mí na Bealtaine 2026).

([39]) Roinn 301 taraif: 25 % (*ad valorem* – céatadán de luach na marsantachta).

([40]) Liostaítear níos mó ná 112 cheann scríbe onnmhairiúcháin sa bhunachar sonraí.

## 5. DÍOBHÁIL

### 5.1. Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais

(89) Rinne dhá tháirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Is iad atá i gceist le 'tionscal an Aontais' de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(90) Suíodh gur thart ar [8 000 – 10 000] tona a bhí i dtáirgeacht iomlán an Aontais le linn tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Shuigh an Coimisiún an figiúr ar bhonn na faisnéise uile a bhí ar fáil maidir leis an tionscal de chuid an Aontais, is é sin freagraí tháirgeoirí an Aontais ar an gceistneoir. Mar a léirítear in aithris (12), is ionann an dá tháirgeoir de chuid an Aontais agus tionscal iomlán an Aontais.

### 5.2. Tomhaltas an Aontais

(91) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais bunaithe ar mhéid díolachán thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais, agus ar shonraí allmhairiúcháin ó Eurostat, ar leibhéal an chóid AC agus an chóid TARIC. Rinneadh na méideanna díolachán sin a chros-seiceáil agus a thabhairt cothrom le dáta, nuair ba ghá, a mhéid a bhaineann le faisnéis fhíoraithe ó tháirgeoirí de chuid an Aontais.

(92) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar thomhaltas an Aontais:

*Tábla 2 —*

**Tomhaltas an Aontais (tonaí)**

| | 2021/2022 | 2022/2023 | 2023/2024 | Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| Tomhaltas iomlán an Aontais | [46 000-51 000] | [40 000 - 44 000] | [32 000 - 35 000] | [41 000 - 46 000] |
| *Innéacs* | *100* | *86* | *68* | *89* |

*Foinse:* Eurostat, freagraí fíoraithe ar an gceistneoir ó tháirgeoirí de chuid an Aontais.

(93) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig forbairt ar thomhaltas an Aontais ar bhonn cháilíocht na buainte san Aontas. D'fhéadfadh éifeachtaí stoc-charntha difear a dhéanamh do na figiúirí sin, rud a d'fhéadfadh saobhadh beag a dhéanamh ar na figiúirí maidir le tomhaltas an Aontais. Tháinig laghdú 11 % ar an éileamh le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

### 5.3. Allmhairí ón tír lena mbaineann

#### 5.3.1. *Méid agus sciar de mhargadh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann*

(94) Shuigh an Coimisiún an méid allmhairí ar bhonn sonraí ó Eurostat. Suíodh an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ansin trí chomparáid a dhéanamh idir na méideanna allmhairí agus tomhaltas an Aontais mar a thuairiscítear i dTábla 2 thuas.

(95) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

*Tábla 3 —*

**An méid allmhairí agus an sciar den mhargadh**

| | 2021/2022 | 2022/2023 | 2023/2024 | Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| An méid allmhairí ón tSín (tonaí) | 11 102 | 11 388 | 8 639 | 15 188 |
| *Innéacs* | *100* | *103* | *78* | *137* |
| An sciar den mhargadh (%) | [21 - 23] | [25 - 27] | [24 - 26] | [32 - 35] |
| *Innéacs* | *100* | *119* | *114* | *154* |

*Foinse*: Eurostat, freagraí fíoraithe ar an gceistneoir ó tháirgeoirí de chuid an Aontais.

(96) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 37 % ar mhéideanna allmhairí ón tSín. I bhfianaise an laghdaithe ar thomhaltas an Aontais, áfach, bhí an méadú ar an sciar den mhargadh i bhfad níos airde ar 54 %, rud a ghnóthaigh thart ar 12 phointe céatadáin den sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

5.3.2. *Praghsanna na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann agus sladghearradh praghais*

(97) Shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann ar bhonn sonraí ó Eurostat. Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghas ualaithe na n-allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

*Tábla 4 —*

**Praghsanna allmhairiúcháin (EUR/tona)**

| | 2021/2022 | 2022/2023 | 2023/2024 | Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| an tSín | 1 343 | 1 365 | 1 218 | 1 167 |
| *Innéacs* | *100* | *102* | *91* | *87* |

*Foinse:* Eurostat.

(98) Mar a léirítear sa tábla thuas, tháinig laghdú 13 % ar phraghsanna allmhairí ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(99) I bhfianaise neamh-chomhoibriú na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne, rinne an Coimisiún comparáid idir meánphraghas díola ualaithe tháirgeoirí sampláilte an Aontais a gearradh ar chustaiméirí neamhchomhlachaithe ar mhargadh an Aontais, agus meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe an táirge faoi athbhreithniú ón tSín ó Eurostat, arna suíomh ar bhonn CAL, lena n-áirítear an dleacht frithdhumpála.

(100) Léirigh an chomparáid praghsanna sin go raibh difríocht 8,9 % idir an meánphraghas díola onnmhairiúcháin agus meánphraghas díola thionscal an Aontais. Gan na dleachtanna frithdhumpála, ba é 30,1 % an difríocht sin.

5.4. **Allmhairí ó thríú tíortha seachas an tSín.**

(101) Méid na n-allmhairí chomh maith leis an sciar den mhargadh agus treochtaí i bpraghsanna d'allmhairí mandairíní stánaithe ó thríú tíortha eile, cuirtear i láthair iad mar seo a leanas:

*Tábla 5 —*

**Allmhairí ó thríú tíortha**

| Tír | | 2021/2022 | 2022/2023 | 2023/2024 | Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|---|
| an Tuirc | Méid (tonaí) | 23 001 | 19 717 | 17 874 | 19 531 |
| | *Innéacs* | *100* | *86* | *78* | *85* |
| | An sciar den mhargadh (%) | [43 - 47] | [43 - 47] | [49 - 54] | [41 - 45] |
| | An meánphraghas (EUR/tona) | 1 685 | 1 846 | 1 660 | 1 522 |
| | *Innéacs* | *100* | *100* | *114* | *96* |
| Tríú tíortha eile | Méid (tonaí) | 992 | 668 | 218 | 995 |
| | *Innéacs* | *100* | *68* | *22* | *100* |
| | An sciar den mhargadh (%) | [1,8 - 2,2] | [1,8 - 2,2] | [1,8 - 2,2] | [1,8 - 2,2] |
| | An meánphraghas (EUR/tona) | 1 022 | 1 036 | 1 689 | 1 442 |
| | *Innéacs* | *100* | *101* | *165* | *141* |

| Tír | | 2021/2022 | 2022/2023 | 2023/2024 | Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|---|
| Iomlán na dtríú tíortha uile seachas an tSín | Méid (tonaí) | 23 993 | 20 386 | 18 092 | 20 526 |
| | *Innéacs* | *100* | *85* | *75* | *86* |
| | An sciar den mhargadh (%) | [48 - 55] | [47 - 54] | [52 - 58] | [45 - 50] |
| | *Innéacs* | *100* | *99* | *111* | *96* |
| | An meánphraghas (EUR/tona) | 1 657 | 1 819 | 1 661 | 1 518 |
| | *Innéacs* | *100* | *109* | *100* | *91* |

*Foinse:* Eurostat.

(102) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 15 % ar allmhairí ón Tuirc, a bhfuil 62 % d'allmhairí ó thríú tíortha eile isteach san Aontas i gceist leo. Laghdú níos mó ná an laghdú 11 % ar thomhaltas.

(103) Tháinig laghdú 4 % ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ó na tríú tíortha uile seachas an tSín.

(104) Bhí praghas na n-allmhairí ó na tríú tíortha uile seachas an tSín, i gcomparáid le praghas thionscal an Aontais, [400-600] EUR/tona níos ísle le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

### 5.5. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

(105) De bhun Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán, sa scrúdú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar thionscadal an Aontais, áiríodh meastóireacht ar na tosca agus na hinnéacsanna eacnamaíocha uile a raibh baint acu le staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

#### 5.5.1. *Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta*

(106) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

*Tábla 6 —*

**Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta**

| | 2021/2022 | 2022/2023 | 2023/2024 | Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| Méid táirgeachta (tonaí) | [15 000 - 19 000] | [9 000 - 11 000] | [6 000 - 9 000] | [8 000 - 10 000] |
| *Innéacs* | *100* | *60* | *44* | *54* |
| Acmhainneacht táirgeachta (tonaí) | [48 000 - 57 000] | [48 000 - 57 000] | [48 000 - 57 000] | [48 000 - 57 000] |
| *Innéacs* | *100* | *100* | *100* | *100* |
| Úsáid acmhainneachta (%) | [30 - 33] | [18 - 20] | [13 - 15] | [16 - 18] |
| *Innéacs* | *100* | *60* | *44* | *54* |

*Foinse:* Freagraí fíoraithe ar an gceistneoir ó tháirgeoirí de chuid an Aontais.

(107) Tháinig laghdú 56 % de réir a chéile ar tháirgeacht iomlán an Aontais maidir leis an táirge faoi athbhreithniú sna chéad 3 bliana den tréimhse faoi bhreathnú, agus bhí téarnamh 10 bpointe céatadáin ann le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ar an iomlán, tháinig laghdú 46 % ar an táirgeacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Is féidir an laghdú sin ar tháirgeacht a chur i leith chaillteanas an sciar den mhargadh mar gheall ar na hallmhairí dumpáilte agus go pointe níos lú i leith an laghdaithe ar thomhaltas.

(108) Lean an mheánúsáid acmhainneachta treocht atá cosúil le treocht na táirgeachta agus an éilimh. I bhfianaise na hacmhainneachta táirgeachta cobhsaí, tháinig laghdú 46 % ar an iomlán ar an úsáid acmhainneachta, ar an gcaoi chéanna leis an laghdú ar tháirgeacht.

5.5.2. *An méid díolachán agus an sciar den mhargadh*

(109) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid díolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

*Tábla 7 —*

**An méid allmhairí (tonaí) agus an sciar den mhargadh**

| | 2021/2022 | 2022/2023 | 2023/2024 | Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| An méid díolachán ar mhargadh an Aontais (tonaí) | [13 000 - 16 000] | [9 000 - 12 000] | [6 000 - 8 000] | [7 000 - 10 000] |
| *Innéacs* | *100* | *75* | *49* | *58* |
| An sciar den mhargadh (%) | [28 - 31] | [22 - 25] | [18 - 20] | [19 - 21] |
| *Innéacs* | *100* | *80* | *66* | *66* |

*Foinse*: Eurostat, freagraí fíoraithe ar an gceistneoir ó tháirgeoirí de chuid an Aontais.

(110) Lean méid díolachán thionscal an Aontais treocht chomhchosúil le tomhaltas an Aontais. Ar an iomlán, tháinig laghdú 42 % ar mhéid díolachán thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, le laghdú sa chéad 3 bliana agus tús téarnaimh bhig le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(111) Tháinig laghdú 34 % ar sciar iomlán thionscal an Aontais den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

5.5.3. **Fás**

(112) Tháinig laghdú 11 % ar thomhaltas le linn na tréimhse faoi bhreathnú. I bhfianaise an mhéid sin, chaill tionscal an Aontais sciar den mhargadh, ach ba iad na hallmhairí ón tír lena mbaineann na haon hallmhairí a tháinig méadú orthu, agus ghnóthaigh siad 54 % den sciar den mhargadh. Os a choinne sin, tháinig laghdú 4 % ar allmhairí ó thríú tíortha eile (is é sin an Tuirc).

5.5.4. *Fostaíocht agus táirgiúlacht*

(113) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar fhostaíocht agus táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

*Tábla 8 —*

**Fostaíocht agus táirgiúlacht**

| | 2021/2022 | 2022/2023 | 2023/2024 | Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| An líon fostaithe | [260 - 290] | [200 - 220] | [160 - 180] | [190 - 210] |
| *Innéacs* | *100* | *76* | *62* | *70* |
| An táirgiúlacht (tona/fostaí) | [56 - 63] | [44 - 50] | [40 - 45] | [43 - 49] |
| *Innéacs* | *100* | *79* | *71* | *77* |

*Foinse:* Freagraí fíoraithe ar an gceistneoir ó tháirgeoirí de chuid an Aontais.

(114) Tháinig laghdú 30 % ar fhostaíocht le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig laghdú 23 % freisin ar tháirgiúlacht lucht saothair tháirgeoirí an Aontais, arna tomhas mar aschur (tonaí in aghaidh an duine fostaithe in aghaidh na bliana), mar gheall ar an laghdú níos airde ar tháirgeacht (-46 %) i gcomparáid leis an laghdú ar fhostaíocht (-30 %).

5.5.5. *Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna*

(115) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

*Tábla 9 —*

**Praghsanna díola agus costas táirgthe san Aontas (EUR/tona)**

| | 2021/2022 | 2022/2023 | 2023/2024 | Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| An meánphraghas díola aonaid san Aontas ar an margadh iomlán | [1 640 – 1 820] | [1 990 – 2 210] | [1 850 – 2 050] | [1 850 – 2 040] |
| *Innéacs* | *100* | *121* | *113* | *113* |
| Costas aonaid an táirgthe | [1 460 – 1 620] | [1 900 – 2 100] | [1 970 – 2 180] | [2 040 – 2 260] |
| *Innéacs* | *100* | *130* | *135* | *139* |

*Foinse:* Freagraí fíoraithe ar an gceistneoir ó tháirgeoirí de chuid an Aontais.

(116) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 39 % ar chostas táirgeachta thionscal an Aontais. Ba é éifeacht an bhrú bhoilscithigh ar an ngeilleagar ba chúis leis an méadú mór ar an gcostas táirgthe in 2022/2023 agus 2023/2024 den chuid is mó. Thairis sin, mar thoradh ar an gcrapadh ar éileamh, mar a mhínítear in aithris (93), tháinig méadú ar na costais indíreacha (forchostais mhonaraíochta) ar bhonn in aghaidh an aonaid. An tráth céanna, níor tháinig ach méadú 13 % ar phraghsanna agus mar sin ní raibh tionscal an Aontais in ann an méadú costais a chumhdach.

5.5.6. *Costais saothair*

(117) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánchostais saothair thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

*Tábla 10 —*

**Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)**

| | 2021/2022 | 2022/2023 | 2023/2024 | Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR) | [22 500 - 24 900] | [23 100 - 25 600] | [24 300 - 26 900] | [26 100 - 28 900] |
| *Innéacs* | *100* | *103* | *108* | *116* |

*Foinse:* Freagraí fíoraithe ar an gceistneoir ó tháirgeoirí de chuid an Aontais.

(118) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 16 % de réir a chéile ar mheánchostas saothair thionscal an Aontais in aghaidh an fhostaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

5.5.7. *Fardail*

(119) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar leibhéil stoic tháirgeoirí an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

*Tábla 11 —*

**Fardail**

| | 2021/2022 | 2022/2023 | 2023/2024 | Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| Stoic dheiridh (tona) | [3 900 - 4 400] | [2 100 - 2 400] | [1 800 - 2 100] | [1 500 - 1 800] |
| *Innéacs* | *100* | *55* | *46* | *41* |
| Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht | [23 - 25] | [21 - 23] | [24 - 26] | [17 - 19] |
| *Innéacs* | *100* | *91* | *104* | *75* |

*Foinse:* Freagraí fíoraithe ar an gceistneoir ó tháirgeoirí de chuid an Aontais.

(120) Laghdaigh tionscal an Aontais a leibhéil stoic go suntasach le linn na tréimhse faoi bhreathnú (-59 %) chomh maith leis na stoic arna ríomh mar chéatadán den táirgeacht (-25 %). Dá bhrí sin, ní féidir leis a bheith ina chomhartha go bhfuil staid dhíobhálach ann.

5.5.8. *Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú*

(121) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar infheistíochtaí ag táirgeoirí an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

*Tábla 12 –*

**Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí**

| | 2021/2022 | 2022/2023 | 2023/2024 | Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| Brabúsacht díolachán ar mhargadh saoir an Aontais (% den láimhdeachas díolacháin) | [11 - 12,1] | [12,6 - 13,9] | [- 4,8 - - 5,3] | [- 9,4 - - 10,4] |
| *Innéacs* | *100* | *115* | *- 44* | *- 86* |
| Sreabhadh airgid (1 000 EUR) | [2 800 - 3 200] | [4 800 - 5 400] | [500 - 700] | [- 600 - - 800] |
| *Innéacs* | *100* | *169* | *20* | *- 23* |
| Infheistíochtaí (1 000 EUR) | [1 500 - 1 800] | [2 500 - 2 900] | [700 - 900] | [1 200 - 1 400] |
| *Innéacs* | *100* | *162* | *47* | *78* |
| Toradh ar infheistíochtaí (%) | [34 - 38] | [33 - 37] | [- 8 - - 9] | [- 18 - - 20] |
| *Innéacs* | *100* | *98* | *- 23* | *- 53* |

*Foinse:* Freagraí fíoraithe ar an gceistneoir ó tháirgeoirí de chuid an Aontais.

(122) Shuigh an Coimisiún brabúsacht tháirgeoirí an Aontais trí ghlanbhrabús roimh cháin ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin. Tháinig laghdú mór ar bhrabúsacht tháirgeoirí an Aontais ó leibhéal brabúsachta an-sláintiúil sa chéad 2 bhliain den tréimhse faoi bhreathnú, go caillteanas mór go háirithe le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Le linn na tréimhse sin, tháinig meath breise ar an mbrabúsacht agus bhí caillteanais ann sa raon idir - 9,4 % go - 10,4 %. Bhí an treocht sin i gcomhréir leis na cinn ar tugadh tuairisc orthu roimhe seo le haghaidh táirgeachta agus díolacháin in aithrisí (107) agus (110).

(123) Is ionann an glansreabhadh airgid agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Laghdaigh an treocht i nglansreabhadh airgid ar bhealach a bhí cosúil leis an laghdú ar bhrabúsacht agus d'iompaigh sé ina fhigiúr diúltach.

(124) Tháinig laghdú 22 % ar an leibhéal infheistíochta le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(125) Is éard atá sa toradh ar infheistíochtaí an brabús mar chéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. D'fhorbair sé ar an mbealach céanna leis an mbrabúsacht, mar a thuairiscítear in aithris (122) thuas.

### 5.6. **Conclúid maidir le díobháil**

(126) Tháinig laghdú ar fhormhór na dtáscairí díobhála, amhail táirgeacht, táirgiúlacht, díolacháin, fostaíocht, úsáid acmhainneachta, táirgiúlacht, brabúsacht, toradh ar infheistíochtaí agus sreabhadh airgid le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(127) Ina theannta sin, rinneadh díobháil do thionscal an Aontais mar gheall ar an méadú ar sciartha den mhargadh, go háirithe d'allmhairí na Síne.

(128) I bhfianaise staid thionscal an Aontais a dtugtar tuairisc uirthi, dá ligfí do na bearta dul in éag, is dócha go dtiocfaidh meath tapa breise ar staid airgeadais thionscal an Aontais, ar staid í atá leochaileach cheana féin, gan beann ar cé acu a roghnaíonn nó nach roghnaíonn sé dul san iomaíocht ó thaobh méide nó praghais de.

(129) Ar bhonn a bhfuil thuas, ba é conclúid an Choimisiúin gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

## 6. **CÚISÍOCHT**

(130) I gcomhréir le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann. I gcomhréir le hAirteagal 3(7) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh sé go ndearna tosca aitheanta eile dochar do thionscal an Aontais san am céanna. D'áirithigh an Coimisiún nár cuireadh aon díobháil fhéideartha, ar tosca eile ba chúis léi seachas na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann, i leith na n-allmhairí dumpáilte. Is iad allmhairí ó thríú tíortha, feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais agus an crapadh ar éileamh na tosca sin.

### 6.1. **Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte**

(131) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, chaill tionscal an Aontais méideanna móra díolachán ar mhargadh an Aontais, de réir mar a tháinig laghdú 42 % ar a mhéideanna díolachán san Aontas. De réir mar a tháinig laghdú 11 % ar thomhaltas, tháinig laghdú ar sciar thionscal an Aontais den mhargadh ó 34 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(132) D'fhéadfaí an laghdú ar sciar thionscal an Aontais den mhargadh a chur i leith méadú comhthreomhar ar allmhairí ón tír lena mbaineann, toisc nach raibh aon fhoinse eile allmhairí ag fáil sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Go deimhin, tháinig méadú 54 % ar an sciar den mhargadh ó [21-23] % go [32-35] % mar gheall ar allmhairí ón tSín. Lean allmhairí ón tSín de bheith ag fás agus ag gnóthú sciar den mhargadh ar chostas thionscal an Aontais.

(133) An tráth céanna, rinne praghsanna allmhairiúcháin na Síne sladghearradh [28-33] % (gan dleachtanna frithdhumpála) agus [8-13] % (le dleachtanna frithdhumpála) ar phraghsanna thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Laghdaigh praghsanna allmhairiúcháin na Síne praghsanna thionscal an Aontais freisin tráth a raibh costais táirgthe ag ardú, rud a rinne dochar do tháscairí airgeadais thionscal an Aontais.

(134) Mar gheall ar na méideanna díolachán a cailleadh, tháinig meath mór ar chainníochtaí táirgeachta thionscal an Aontais freisin, is é sin 46 %.

(135) Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid go ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais le hallmhairí dumpáilte mandairíní stánaithe ón tSín

### 6.2. **Éifeachtaí tosca eile**

#### 6.2.1. *Allmhairí ó thríú tíortha*

(136) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid allmhairí ó thríú tíortha eile le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a léirítear in aithris (101). Is ón Tuirc a tháinig formhór na n-allmhairí sin ([41-45] % sciar den mhargadh i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe), gach tír eile (is é sin, Meicsiceo, Peiriú, An Ríocht Aontaithe, etc. [1,8-2,2] % sciar den mhargadh i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe).

(137) Tháinig laghdú beag ar phraghas (-10 %) agus ar mhéid (-15 %) na n-allmhairí ón Tuirc, agus i gcás na dtíortha eile, d'fhan an méid sách cobhsaí agus tháinig méadú 41 % ar an bpraghas.

(138) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh na hallmhairí ó thíortha eile (seachas an Tuirc), mar gheall ar a méid íseal agus a méadú ard ar phraghsanna, ag cur leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. Ar an taobh eile, tá laghdú tagtha ar mhéideanna allmhairí ón Tuirc (- 15 %) agus tháinig laghdú ar an bpraghas ina dhiaidh sin (-10 %). Tá an laghdú sin ar phraghsanna allmhairí na Tuirce ag cur brú anuas ar phraghsanna thionscal an Aontais, rud a chuireann leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

#### 6.2.2. *Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais*

(139) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid onnmhairí ó na táirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

*Tábla 13 –*

**Feidhmíocht onnmhairiúcháin tháirgeoirí an Aontais**

| | 2021/2022 | 2022/2023 | 2023/2024 | Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| An méid onnmhairí (tona) | [1 800 - 2 000] | [1 100 - 1 300] | [700 - 900] | [900 - 1 100] |
| *Innéacs* | *100* | *66* | *42* | *56* |
| An meánphraghas (EUR/tona) | [1 300 - 1 500] | [1 700 - 1 900] | [1 900 - 2 100] | [1 900 – 2 100] |
| *Innéacs* | *100* | *131* | *146* | *144* |

*Foinse:* Freagraí fíoraithe ar an gceistneoir ó tháirgeoirí de chuid an Aontais.

(140) Tháinig laghdú 44 % ar mhéideanna díolachán onnmhairiúcháin thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú (leis an laghdú is mó in 2023/2024), ach ní raibh na méideanna sin substaintiúil, i gcomparáid le méideanna iomlána díolachán thionscal an Aontais. Lean an laghdú ar mhéideanna onnmhairiúcháin na treochtaí céanna go bunúsach le díolacháin ar mhargadh an Aontais agus d'fhan céatadán na ndíolachán onnmhairiúcháin i ndíolacháin iomlána tháirgeoirí an Aontais sách cobhsaí idir [9,8-11,1] %. Thairis sin, bhí meánphraghsanna díola onnmhairiúcháin cosúil le praghsanna díola an Aontais in 2023/2024 agus le linn tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(141) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár mhaolaigh feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann agus an díobháil ábhartha a fuarthas.

6.2.3. *Laghdú ar thomhaltas*

(142) Mar a mhínítear i roinn 4.2, luainigh margadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig laghdú mór air ó 2021/2022 go 2023/2024 le crapadh 32 %. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, tháinig téarnamh páirteach ar an tomhaltas, cé gur fhan sé faoi bhun leibhéal 2021/22 le crapadh 11 %. Tháinig méadú 37 % ar mhéideanna na n-allmhairí ón tSín i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le 2021/2022 agus fuair siad sciar suntasach den mhargadh sa tréimhse sin inar chrap an t-éileamh sin agus, thairis sin, ní raibh tionscal an Aontais in ann sciar den mhargadh a choinneáil ar bun. Bheadh laghdú thart ar 1 500 go 2 500 tona ar mhéideanna díolachán thionscal an Aontais i gcomhréir leis an laghdú ar an éileamh, ach i ndáiríre, mar gheall ar an méadú ar allmhairí ón tSín, tháinig méadú faoi thrí go bunúsach ar an laghdú agus b'ionann é agus 4 500 go 7 500 tona. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár mhaolaigh an crapadh ar éileamh sa mhargadh an nasc cúisíoch.

## 7. AN DÓCHÚLACHT GO LEANFAR DEN DÍOBHÁIL

(143) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris (129) gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún measúnú, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán, an mbeadh dóchúlacht ann go leanfadh den díobháil arbh iad na hallmhairí dumpáilte ón tSín ba chúis léi dá ligfí do na bearta dul in éag.

(144) In éagmais comhoibriú ó aon pháirtí sa tSín, bhraith an Coimisiún ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil ar comhad. Scrúdaigh sé na méideanna táirgeachta agus na hacmhainneachtaí breise sa tSín, tarraingteacht mhargadh an Aontais agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag forbairt praghsanna mhéideanna agus phraghsanna allmhairí na Síne chomh maith le tionchar na forbartha sin ar mhéideanna díolacháin, ar phraghsanna agus ar bhrabúsacht thionscal an Aontais.

### 7.1. An acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa tSín

(145) Mar a shonraítear cheana in aithrisí (78) go (80) thuas, tá acmhainneachtaí breise suntasacha ar fáil ag an tSín. Is í an tSín an táirgeoir is mó mandairíní úra ar domhan, agus tá a táirgeoirí onnmhairiúcháin in ann margaí atá roinnt uaireanta níos mó ná margadh an Aontais a sholáthar. Tá na táirgeoirí sin an-dírithe agus tá dreasacht acu a dtáirgí a dhíol i méideanna móra ar mhargaí onnmhairiúcháin. Léiríodh le déanaí freisin gur féidir le táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne oiriúnú go tapa chun allmhairí dumpáilte a sholáthar do mhargadh an Aontais. Ní mór a mheabhrú gur tháinig méadú as cuimse ar allmhairí an táirge lena mbaineann de thionscnamh na Síne tar éis an Rialachán (CE) Uimh. 1355/2008 bunaidh a neamhniú i mí an Mhárta 2012 (féach aithris (3).

### 7.2. An tionchar atá ag dumpáil na Síne ar thionscal an Aontais

(146) Maidir le leibhéil na bpraghsanna allmhairiúcháin, léiríodh san imscrúdú, dá ndéanfaí na bearta atá i bhfeidhm a aisghairm agus ag glacadh leis go bhfanfadh an praghas allmhairiúcháin ón tír lena mbaineann agus praghas thionscal an Aontais mar a bhí le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, go ngearrfadh na praghsanna allmhairiúcháin faoi phraghsanna thionscal an Aontais [9-11] % (gach cineál táirge lena mbaineann). Mar thoradh air sin, is dócha go gcaillfidh tionscal an Aontais méid díolachán chomh maith le sciartha den mhargadh ar mhargadh an Aontais.

(147) Rinne an Coimisiún ionsamhlú chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar is dócha a bheadh ag méadú ar mhéideanna allmhairí na Síne ar thionscal an Aontais. A luaithe a thagann laghdú 6 200 tona ar mhéid díolachán agus táirgeachta thionscal an Aontais mar thoradh ar mhéadú ar allmhairí mandairíní stánaithe ón tSín, tagann méadú 7,1 % ar chostas aonaid an táirgthe, rud a fhágann go bhfuil meath ag teacht ar staid tháirgeoirí an Aontais agus go bhfuil caillteanas á dhéanamh acu. Bheadh sé éasca do tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne an méadú sin ar an méid a bhaint amach i bhfianaise a n-acmhainneachta breise móire, mar a leagtar síos i Roinn 4.1 thuas.

(148) Ós rud é go dtagann 95 % d'allmhairí ó thríú tíortha seachas an tSín ón Tuirc, ní féidir a chur as an áireamh go gcuirfí mandairíní stánaithe dumpáilte na Síne in ionad cuid de na méideanna allmhairí sin. An tráth céanna, tá meánphraghas díola allmhairí na Tuirce chuig an Aontas faoi bhun mheánphraghas díola thionscal an Aontais, rud a chiallaíonn, dá dtiocfadh méadú ar mhandairíní stánaithe dumpáilte na Síne ar mhargadh an Aontais, gur dócha go méadódh sé an sciar den mhargadh ar dtús chun dochair do thionscal an Aontais, sula nglacfadh sé sciar den mhargadh de na honnmhairí ó tháirgeoirí na Tuirce chuig an Aontas ar láimh. Mar sin féin, in aon chás, i bhfianaise acmhainneacht bhreise tháirgeoirí na Síne, d'fhéadfaidís an sciar den mhargadh atá ag na tríú tíortha eile (lena n-áirítear an Tuirc) agus ag táirgeoirí an Aontais araon a shárú go héasca.

### 7.3. **Tarraingteacht mhargadh an Aontais**

(149) Is léir go gcuireann méid mhargadh an Aontais, arb é an ceathrú margadh is mó ar domhan é, go mór lena tharraingteacht. Ina theannta sin, ós rud é gur leanadh d'allmhairí ón tSín d'ainneoin na mbeart atá i bhfeidhm, léirítear go measann táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne go bhfuil margadh an Aontais tarraingteach agus go bhfuil fonn orthu leanúint de bheith ag díol air. Thairis sin, mar a tugadh faoi deara tar éis neamhniú an Rialacháin (CE) Uimh. 1355/2008 i mí an Mhárta 2012, tá dreasacht ann do tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne onnmhairí a aistriú ó thríú tíortha eile chuig margadh an Aontais ar phraghas níos airde i gcás aisghairm na mbeart atá i bhfeidhm. Eascraíonn dreasachtaí breise as srianta trádála i margaí eile, go háirithe na taraifí 25 % *ad valorem* arna bhforchur ag na Stáit Aontaithe ó bhí an 24 Meán Fómhair 2018 ann ([41]), rud a d'fhéadfadh onnmhairí a atreorú chuig an Aontas.

### 7.4. **Conclúid maidir le dóchúlacht go leanfar den díobháil nó ndéanfar an athuair í**

(150) I bhfianaise a bhfuil thuas, is dócha go mbeadh brú praghsanna as cuimse láithreach ó Dhaon-Phoblacht na Síne mar thoradh ar dhul in éag na mbeart, agus stoic agus acmhainneachtaí suntasacha ar fáil mar thaca leis sin. Chuirfeadh sé sin iallach ar thionscal an Aontais a phraghsanna nó a mhéideanna a laghdú. Dá laghdódh an tionscal a phraghsanna, d'iompódh a bhrabúis ina gcaillteanais sa ghearrthéarma. Dá gcaillfeadh an tionscal méideanna díolachán, mhéadódh a chostais aonaid agus laghdófaí an bhrabúsacht a thuilleadh fós. San fhadtéarma, bheadh ar thionscal an Aontais a acmhainneachtaí táirgeachta a oiriúnú (a laghdú).

(151) I bhfianaise staid réasúnta leochaileach thionscal an Aontais mar a mhínítear in aithrisí (126)-(129) thuas, mar aon leis an méadú ar mhéideanna reatha na n-allmhairí dumpáilte ón tSín ar ráta ard, is dócha go mbeidh tionchar díobhálach aige sin ar staid thionscal an Aontais, rud a fhágfaidh go rachaidh a staid airgeadais in olcas go tapa. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur dócha go leanfaí den díobháil do thionscal an Aontais dá n-aisghairfí na bearta.

## 8. **LEAS AN AONTAIS**

(152) I gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an cheist an mbeadh sé in aghaidh leas an Aontais ina iomláine dá gcoinneofaí na bearta frithdhumpála atá ann faoi láthair ar bun. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla uile lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhaireoirí agus na n-úsáideoirí.

### 8.1. **Leas thionscal an Aontais**

(153) De réir na conclúide ar thángthas uirthi i Roinn 4 thuas, tá díobháil ábhartha ag baint do thionscal an Aontais. De réir na conclúide ar thángthas uirthi i Roinn 5, bheadh aisghairm na mbeart mar thoradh ar insreabhadh athnuaite d'allmhairí dumpáilte ón tSín, rud a d'fhágfadh go mbeadh meath tapa breise ar a staid airgeadais atá leochaileach cheana féin. Dá bhrí sin, rachadh leanúint na mbeart chun leasa an tionscail de chuid an Aontais toisc gur cheart go mbeadh na táirgeoirí de chuid an Aontais in ann a méideanna díola agus a sciar den mhargadh a choinneáil ar bun, agus a bhrabúsacht agus a staid eacnamaíoch fhoriomlán a fheabhsú. Os a choinne sin, d'fhéadfadh scor na mbeart inmharthanacht thionscal an Aontais a chur i mbaol toisc go bhfuil cúiseanna ann le bheith ag súil le haistriú onnmhairí na Síne chuig margadh an Aontais ar phraghsanna dumpáilte agus ar mhéideanna suntasacha a bheadh ina gcúis le leanúint den díobháil.

### 8.2. **Allmhaireoirí neamhchomhlachaithe a shampláil**

(154) Níor chomhoibrigh aon allmhaireoir leis an imscrúdú.

(155) Ar an mbonn sin, ní raibh aon chomhartha ann go mbeadh tionchar diúltach suntasach ar na hallmhaireoirí ag na bearta dá gcoinneofaí ar bun iad, tionchar ar mó é ná tionchar dearfach na mbeart ar thionscal an Aontais

([41]) Féach: Roinn 301 an tSín – Tariff Actions and Exclusion Process ar fáil: https://ustr.gov/issue-areas/enforcement/section-301-investigations/search (cuardaigh de réir an fho-cheannteidil 8 ndigit HTS: 2008 30 55). Breathnaíodh ar an leathanach go deireanach an 8 Iúil 2026.

### 8.3. **Leas na n-úsáideoirí**

(156) Níor chomhoibrigh úsáideoirí leis an imscrúdú. Dá bhrí sin, ní raibh an Coimisiún in ann anailís a dhéanamh ar thionchar na mbeart atá ann cheana ar a staid.

(157) Ar an mbonn sin, ní raibh aon chomhartha ann go mbeadh tionchar diúltach suntasach ar na húsáideoirí ag na bearta dá gcoinneofaí ar bun iad, tionchar ar mó é ná tionchar dearfach na mbeart ar thionscal an Aontais.

### 8.4. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(158) Ar bhonn an mhéid thuas, chinn an Coimisiún nach raibh aon chúis láidir ann lena rá nach raibh sé chun leasa an Aontais na bearta atá ann cheana maidir le hallmhairí mandairíní stánaithe de thionscnamh na Síne a choimeád ar bun.

## 9. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA**

(159) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil an athuair, maidir leis an dóchúlacht go leanfar den díobháil agus maidir le leas an Aontais, ba cheart na bearta frithdhumpála maidir le mandairíní stánaithe ón tSín a choinneáil ar bun.

(160) Chun na rioscaí a íoslaghdú maidir le himchéimniú mar gheall ar an difríocht ard i ndleachtrátaí, tá gá le bearta speisialta chun cur i bhfeidhm ceart na ndleachtanna frithdhumpála aonair a áirithiú. Ní mór do na cuideachtaí a bhfuil dleachtanna frithdhumpála aonair acu sonrasc tráchtála bailí a chur ar fáil d'údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo. Ba cheart allmhairí nach mbíonn an sonrasc sin ag gabháil leo a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le 'gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne'.

(161) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na dleachtrátaí frithdhumpála aonair a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc d'údaráis chustaim na mBallstát a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, ní mór dóibh a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(162) Má thagann méadú suntasach ar an méid onnmhairí a dhéanann na cuideachtaí a thairbhíonn de na dleachtrátaí aonair is ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar scrúdú a dhéanamh san imscrúdú sin, *inter alia*, ar an ngá atá le deireadh a chur leis an dleachtráta aonair agus ar an ngá le dleacht ar an leibhéal náisiúnta a fhorchur dá bharr sin.

(163) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfear na rátaí aonair sin maidir le dleacht frithdhumpála i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an iarraidh a chur chuig an gCoimisiún ([42]). Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(164) An 13 Iúil 2026, nocht an Coimisiún na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a raibh sé beartaithe aige na dleachtanna frithdhumpála a choinneáil ar bun. Tugadh tréimhse do na páirtithe leasmhara uile ina raibh siad in ann barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh.

(165) Chuir an dá tháirgeoir de chuid an Aontais a luaitear in aithris (12) a gcomhaontú le cinneadh an Choimisiúin isteach. Ní bhfuarthas aon bharúil eile ina dhiaidh sin.

([42]) An Coimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um an Trádáil Slándáil Eacnamaíoch, Stiúrthóireacht G, Rue de la Loi/ Wetstraat 170, 1040 Bruxelles/Brussels, BELGIQUE/ BELGIË.

(166) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([43]), nuair a bheidh méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is é an t-ús is ceart a íoc an ráta a chuireann an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna bhfoilsiú i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.

(167) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bhunaítear le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí mandairíní (lena n-áirítear táinséiríní agus satsúmaí), cleimintíní, builcíní agus hibridí citris comhchosúla eile, iad ullmhaithe nó leasaithe, nach bhfuil biotáille bhreise curtha leo, bíodh siúcra breise nó ábhar milsiúcháin eile curtha leo nó ná bíodh, mar a shainaithnítear faoi láthair faoi cheannteideal CC 2008, táirgí a thagann faoi láthair faoi chóid AC 2008 30 55, 2008 30 75 agus ex 2008 30 90 (cóid TARIC 2008 30 90 61, 2008 30 90 63, 2008 30 90 65, 2008 30 90 67 agus 2008 30 90 69) agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.

2. Is mar a leanas a bheidh an dleachtráta frithdhumpála cinntitheach is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar na táirgí a bhfuil tuairisc orthu i mír 1 agus arna dtáirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

| Cuideachta | EUR/Glanmheáchan an táirge i dtonaí | Cód breise TARIC |
|---|---|---|
| Yichang Rosen Foods Co., Ltd, Yichang, Zhejiang | 531,2 | A886 |
| Zhejiang Taizhou Yiguan Food Co. Ltd, Huangyan, Zhejiang | 361,4 | A887 |
| Hubei Xinshiji Foods Co., Ltd, cathair Dangyang, cúige Hubei | 489,7 | A888 |
| Zhejiang Juzhou Foods Co., Ltd, Sanmen, Zhejiang | 499,9 | C528 |
| Na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha nár áiríodh sa sampla a liostaítear san Iarscríbhinn | 499,6 | A889 |
| Gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne | 531,2 | A999 |

3. Beidh cur i bhfeidhm an dleachtráta aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: 'Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid i dtonaí) [an táirge lena mbaineann] a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é [ainm agus seoladh na cuideachta] [cód breise TARIC] a mhonaraigh é i nDaon-Phoblacht na Síne. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.' Mura gcuirtear an sonrasc sin isteach, beidh feidhm ag an dleachtráta is infheidhme maidir leis 'gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne'.

([43]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

*Airteagal 2*

1. I gcásanna ina ndearnadh damáiste d'earraí roimh theacht i saorchúrsaíocht dóibh agus, dá bhrí sin, go ndéantar an praghas iarbhír a íocadh nó an praghas atá iníoctha a choigeartú chun an luach custaim a chinneadh de bhun Airteagal 132 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ([44]), déanfar céatadán ar leith a chomhfhreagraíonn do choigeartú an phraghais iarbhír a íocadh nó an phraghais iníoctha a bhaint de mhéid na dleachta frithdhumpála, arna ríomh ar bhonn Airteagal 1 thuas.

2. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

*Airteagal 3*

Féadfar Airteagal 1(2) a leasú trí tháirgeoir onnmhairiúcháin nua a chur leis na cuideachtaí comhoibríocha nár áiríodh sa sampla agus, dá bhrí sin, atá faoi réir an mheánráta dleachta ualaithe EUR 499,6/ glanmheáchan an táirge i dtonaí i gcás ina soláthraíonn aon táirgeoir onnmhairiúcháin nua i nDaon-Phoblacht na Síne fianaise leordhóthanach don Choimisiún go bhfuil an méid seo a leanas fíor ina leith:

a) nár onnmhairigh sé chuig an Aontas an táirge a bhfuil tuairisc air in Airteagal 1(1) le linn na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh (an 1 Deireadh Fómhair 2006 go dtí an 30 Meán Fómhair 2007);

b) nach bhfuil gaol idir é agus ceann ar bith de na táirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne atá faoi réir na mbeart arna bhforchur ag an Rialachán seo; agus

c) go ndearna sé an táirge lena mbaineann a onnmhairiú iarbhír chuig an Aontas nó tá oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air méid suntasach a onnmhairiú chuig an Aontas tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Deireadh Fómhair 2026.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

([44]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/2447/oj).

*IARSCRÍBHINN*

Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha de chuid na Síne nár áiríodh sa sampla:

Hunan Pointer Foods Co., Ltd., Yongzhou, Hunan

Ningbo Pointer Canned Foods Co., Ltd., Xiangshan, Ningbo

Yichang Jiayuan Foodstuffs Co., Ltd., Yichang, Hubei

Ninghai Dongda Foodstuff Co., Ltd., Ningbo, Zhejiang

Huangyan No.2 Canned Food Factory, Huangyan, Zhejiang

Zhejiang Fomdas Foods Co., Ltd., Xinchang, Zhejiang

Toyoshima Share Yidu Foods Co., Ltd., Yidu, Hubei

Guangxi Guiguo Food Co., Ltd., Guilin, Guangxi

Zhejiang Juda Industry Co., Ltd., Quzhou, Zhejiang

Zhejiang Iceman Group Co., Ltd., Jinhua, Zhejiang

Ningbo Guosheng Foods Co., Ltd., Ninghai

Yi Chang Yin He Food Co., Ltd., Yidu, Hubei

Yongzhou Quanhui Canned Food Co., Ltd., Yongzhou, Hunan

Ningbo Orient Jiuzhou Food Trade & Industry Co., Ltd., Yinzhou, Ningbo

Guangxi Guilin Huangguan Food Co., Ltd., Guilin, Guangxi

Ningbo Wuzhouxing Group Co., Ltd., Mingzhou, Ningbo